NISRA Northern Ireland Statistics and Research Agency
Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde

Department of Education

An Cónaitheoir
<<SRÁID>>
<<BAILE>>
<<CÓD POIST>>
<<AITHEANTAS>>

## AN BHFUIL PÁISTE I DO THEAGHLACH A BHÍ AON BHLIAIN DÉAG D'AOIS NÓ NÍOS ÓIGE AR 2 IÚIL 2024?

Más amhlaidh an cás, tá do chuidiú de dhíth orainn **anois** leis an tSuirbhé ar Chúram Páistí i dTuaisceart Éireann.

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Is féidir ról ríthábhachtach a bheith agat maidir le cuidiú leis an Roinn Oideachais tuiscint a fháil ar riachtanais tuismitheoirí agus caomhnóirí trí cheisteanna a fhreagairt fút féin agus faoi do shocruithe cúraim páistí.

Tuigeann muid go bhfuil do chuid ama luachmhar, mar sin, níor chuimsigh muid ach na ceisteanna a chaithfidh muid a chur chun cuidiú le tionchar a imirt ar pholasaithe an rialtais do chúram páistí.

Gheobhaidh tú **dearbhán £10 an teaghlach** mar dhuais as an tsuirbhé a chur i gcrích go pras chun buíochas a ghabháil leat as do chuid ama.

## Conas páirt a ghlacadh

- Scan an cód MF nó téigh chuig: **www.nisra.gov.uk/statistics/find-your-survey/childcare-survey**
- Roghnaigh '**Tosaigh'** agus cuir do chód rochtana uathúil isteach
- Freagair na ceisteanna, ansin roghnaigh '**Críochnaigh & Cuir suirbhé isteach'**
- Faigh do dhuais £10 ó do bhrainse áitiúil d'Oifig an Phoist.

**Go raibh maith agat**

**Philip Wales**
**Príomhfheidhmeannach, GTÉST**

🔒 Tá d’fhaisnéis faoi chosaint an dlí

## Cén fáth ar iarradh orm páirt a ghlacadh?

Roghnaíodh do sheoladh go randamach ó bhunachar sonraí seoltaí cónaithe i dTuaisceart Éireann.

## Cén fáth ar cheart dom páirt a ghlacadh?

Tá an suirbhé seo ag iarraidh eolas a fháil go díreach ó thuismitheoirí agus caomhnóirí páistí maidir lena socruithe cúraim páistí. Is tábhachtach go gcloiseann muid ó oiread daoine agus is féidir ionas go léiríonn ár staidreamh cad atá ag tarlú i dteaghlaigh ar fud Thuaisceart Éireann go cruinn.

Níl aon cheisteanna deacra ann agus níl aon fhreagraí cearta nó míchearta ann – níl muid ach ag iarraidh eolas a fháil ar do chúinsí maidir le cúram páistí.

## Cé muid féin?

Is muid Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus Taighde (GTÉST). Is í an Gníomhaireacht an príomhfhoinse Staidrimh Oifigiúil agus taighde sóisialta ar Thuaisceart Éireann. Cuidíonn muid le heolas a dhéanamh do pholasaí agus taighde poiblí agus cur le díospóireacht sa phobal i gcoitinne.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as an Phríomh-Oifig Chlárúcháin agus as an daonáireamh a reáchtáil gach deich mbliana fosta.

D’fhorbair GTÉST Suirbhé ar Chúram Páistí i dTuaisceart Éireann chun cuidiú leis an Roinn Oideachais (RO) eolas cuimsitheach a bhailiú ó thuismitheoirí agus caomhnóirí. Cuirfidh an t-eolas seo bonn fianaise ar fáil ar féidir cinntí feasacha a dhéanamh maidir le Straitéis Cúraim Páistí agus Luathfhoghlama na Roinne agus beidh sé úsáideach do ranna rialtais eile fosta.

## Cad faoi rúndacht agus cosaint sonraí?

Coinneofar d’fhaisnéis phearsanta faoi rún.

Cloíonn muid leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus is féidir leat amharc ar Fhógra Príobháideachais an tSuirbhé ar Chúram Páistí ag:
**https://www.nisra.gov.uk/childcare-survey-privacy-notice**.

Cuirfear do fhreagraí leis na freagairtí ar fad a fhaigheann muid ón tsuirbhé chun tuarascálacha staidrimh a chruthú don Roinn Oideachais agus do ranna rialtais eile. Ní fhoilseoidh muid torthaí choíche a d’fhéadfadh duine a aithint.